

COP26

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi COP26. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis?

1. comhdháil aeráide	a) <i>fault</i>
2. milleán	b) <i>to destabilise</i>
3. gníomh fóna	c) <i>temperature increase</i>
4. ceannaire domhanda	d) <i>to impede</i>
5. faoi shodar	e) <i>climate conference</i>
6. an bonn a bhaint de	f) <i>in a hurry</i>
7. go sonrath	g) <i>to suffer the consequences of</i>
8. aitheasc	h) <i>world leader</i>
9. ardú teochta	i) <i>speech</i>
10. breoslaí iontaise	j) <i>proper action</i>
11. srian a chur ar	k) <i>specifically</i>
12. a bheith thíos le	l) <i>fossil fuels</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus cuir na ceistanna seo fúithi ar an duine in aice leat.

Bhí na briathra thíos le cloisteáil sa mhír. Cad é fréamh na mbriathra sin?

- *comhaontú*
- *truailliú*
- *a théamh*
- *a mhaolú*

- *tuirlingt*
- *ag seachaint*
- *a shéanadh*
- *sárófar*

Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana féin?

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna thíos.

1. Cad a dúirt Boris Johnson ag an gcomhdháil?
2. Cá mhéad ceannaire a bhí ag an gcomhdháil?
3. Rinne Joe Biden tagairt do thrí thír faoi leith. Cén tíortha agus cén fáth?
4. Cén fáth ar luadh céim go leith Celsius?
5. Cad a deir Gearóid Jennings faoi bhreoslaí iontaise?
6. Cad ba mhaith le Liz Coleman?
7. Cé is mó atá thíos leis an téamh domhanda agus an t-athrú aeráide?

Ceist 4

‘...milleán mór...’ vs ‘...contúirt mhór...’

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘mór’ tar éis ‘contúirt’?
2. Bain amach na lúbíní sna samplaí thíos agus cuir isteach séimhiú más gá:

bean (cliste): _____
fear (saibhir): _____
teach (bán): _____
gluaisteán (dearg): _____
bróg (donn): _____
gruaig (fionn): _____
cainteoir (deisbhéalach): _____
aiste (maith): _____

Ceist 5

‘...*Tá* an clog ag bualadh...’

1. Seo thíos na briathra mírialta san aimsir láithreach. Líon na bearnaí sa bhosca.

Abair	An ndeir tú...?		Ní deir.
Beir	An mbeireann sí...?	Beireann.	
Bí	An bhfuil sibh...?	Tá.	
Clois	An gcloisimid...?		Ní chloiseann.
Déan	An ndéanann sé...?	Déanann.	
Faigh	An bhfaigheann sibh...?	Faigheann.	
Feic	An bhfeiceann sí...?		Ní fheiceann.
Ith	An itheann tú...?	Itheann.	

VIFAX 04 Samhain 2021
Bunleibhéal

Tabhair	An dtugaimid...?		Ní thugann.
Tar	An dtagann sé...?	Tagann.	
Téigh	An dtéann sí...?	Téann.	

2. Bain úsáid as na briathra ar fad chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoina s(h)aol laethúil. Bí cúramach! Beidh seisean nó sise ag cur ceisteanna ortsa freisin.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

1. Cén tábhacht a bhaineann leis an gcomhdháil seo?
2. Cén fáth nach raibh an tSín ná an Rúis ag freastal ar an gcomhdháil agus an cuma nach raibh siad ann?
3. Cad í an ghné den ghéarchéim aeráide is mó a chuireann imní ort féin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
e	a	j	h	f	b	k	i	c	l	d	g

Ceist 2

Téigh siar ar bhrí na mbriathra sula gcuirfidh tú tús leis an gcaint. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán tar éis tamall cainte.

comhaontú - comhaontaigh

truailiú - truailigh

a théamh - téigh ('heat')

a mhaolú - maolaigh

tuirlingt - tuirling

ag seachaint - seachain

a shéanadh - séan

sárófar - sáraigh

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininsneach san uatha. Tá 'contúirt' baininsneach agus tá an t-ainmfhocal 'milleán' firinsneach.
- Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir isteach séimhiú más gá:

bean chliste
fear saibhir
teach bán
gluaisteán dearg
bróg dhonn
gruaig fhionn
cainteoir deisbhéalach
aiste mhaith

Ceist 5

1.

Abair	An ndeir tú...?	Deir.	Ní deir.
Beir	An mbeireann sí...?	Beireann.	Ní bheireann.
Bí	An bhfuil sibh...?	Tá.	Níl.
Clois	An gcloisimid...?	Cloiseann.	Ní chloiseann.
Déan	An ndéanann sé...?	Déanann.	Ní dhéanann.
Faigh	An bhfaigheann sibh...?	Faigheann.	Ní fhaigheann.
Feic	An bhfeiceann sí...?	Feiceann.	Ní fheiceann.
Ith	An itheann tú...?	Itheann. ¹	Ní itheann.²
Tabhair	An dtugaimid...?	Tugann.	Ní thugann.
Tar	An dtagann sé...?	Tagann.	Ní thagann.
Téigh	An dtéann sí...?	Téann.	Ní théann.

¹ Nó 'Ithim.'

² Nó 'Ní ithim.'

2. Tabhair deis do gach beirt na briathra a úsáid chun ceisteanna a chur ar a chéile.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Ag comhdháil aeráide COP26 i nGlaschú, dúirt Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, go mbeadh milleán mór ag glúnta amach anseo ar pholaiteoirí na linne seo mura ndéantar gníomh fóna anois. Tá breis is 120 ceannaire domhanda i láthair ag an gcomhdháil. Níl Uachtarán na Síne ná Uachtarán na Rúise ina measc.

Maolra M. Mac Donnchadha

Fiú agus Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá agus boic mhóra eile chumhachtaí an Iarthair ag rá go bhfuil siad i ndáiríre faoi theacht ar chomhaontú domhanda leis an sodar atá faoin truailliú agus faoi théamh na cruinne a mhaolú, tá an bonn á bhaint dá gcuid iarrachtaí. Toscairí as 120 rialtas atá tar éis tuirlingt i nGlaschú.

Dúirt Joe Biden gur cheart go mbeadh gach uile cheann de na tíortha móra ag obair as lámha a chéile, ach tharraing sé aird go sonrath ar an tSín, an Rúis agus an Araib Shádach atá ag seachaint na comhdhála. Níl Uachtarán na Síne, Xi Jinping, le haitheasc ar fhíseán fiú a thabhairt, in ainneoin an taighde leanúnaigh nach féidir a shéanadh idir eolaithe faoin gcontúirt mhór go sárófar an chéim go leith Celsius d'ardú teochta atá romhainn anois.

Gearóid Jennings, Ollamh le Fisic

Tá an clog ag bualadh. Mar tá na leibhéil ag ardú an t-am uilig. Tá sé ríthábhachtach agus tá súil agam go mbeidh siad in ann socrú ar rudaí a dhéanamh chun leibhéal *fossil fuels*¹ a laghdú mar shampla. Sa tír seo is féidir linn a bheith ag brath níos mó ar² fhoinsí nádúrtha, mar shampla an ghaoth.

Liz Coleman, Aeráideolaí

Táimid ag súil go bhfeicimid geallúint³ ag teacht as COP26 agus go mbeimid in ann athruithe a chur in iúl agus a dhéanamh chun ár dtimpeallacht áitiúil agus dhomhanda a chaomhnú. Tá an eolaíocht againn anois, ach tá súil agam i ndiaidh COP26, go mbeidh an spreagadh polaitiúil againn chun srian a chur ar athrú aeráide.

Maolra M. Mac Donnchadha

Tá lucht eolaíochta agus lucht léirsithe tagtha go tréan chuig COP26 as réigiúin ar fud na cruinne atá thíos leis an téamh mór agus le hathrú na haeráide. Ach gan cuid de na pearsana polaitiúla is mó cumhacht ar domhan ann, ní fios cén tairbhe a bheas in aon socrú.

Maolra M. Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

¹ *breoslaí iontaise* an téarma Gaeilge

² *níos mó breithiúnais a bheith againn* a dúradh

³ *gealltanais* an leagan caighdeánach